Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15527/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0185(NLE)**

**SCH-EVAL 184**
**MIGR 387**
**COMIX 587**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15526/22 |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2020 ar an gcur i bhfeidhm a rinne **Lichtinstéin** ar *acquis* Schengen i réimse an **fhillte** |

1. Tar éis don Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú a ghlacadh, rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ar an gcur i bhfeidhm a rinne Lichtinstéin ar *acquis* Schengen i réimse an fhillte in 2020.

2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta agus chun a áirithiú go gcuirfidh Lichtinstéin i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach na rialacha Schengen uile a bhaineann le filleadh.

3. Ón 1 Deireadh Fómhair 2022, tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú[1]. De réir Airteagal 31(3) den Rialachán sin, maidir le meastóireachtaí a dhéanfar roimh an 1 Feabhra 2023, déanfar na tuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013.

4. D'fhormheas an Mheitheal um Ábhair Schengen, lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, eadhon, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh an 30 Samhain 2022.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle, mar a leagtar amach in 15526/22 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

1 IO L 160, 15.6.2022, lgh. 1–27.